CINNEADH (CBES) 2022/217 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 15 Feabhra 2022

maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2022/41 (ATALANTA/3/2022)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile, agus iad a chur faoi chois ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) di,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ("Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh").

(2) An 10 Eanáir 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/41 ([2]) lena gceaptar an Ceannasóir João Paulo SILVA PEREIRA mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(3) Mhol Ceannasaí Oibríochtúil an Aontais Eorpaigh go ndéanfaí an Captaen (Cabhlach) Fabrizio BONDI a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa nua an Aontais Eorpaigh amhail ón 17 Márta 2022. Tá sé curtha in iúl ag údaráis na hIodáile go dtabharfar ardú céime don Chaptaen (Cabhlach) Fabrizio BONDI go Seachaimiréal nuair a cheapfar é mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(4) An 17 Eanáir 2022, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh leis an moladh sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/41 a aisghairm.

(6) I gcomhréir le hAirteagal 5 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn an Danmhairg rannpháirteach i ndréachtú agus cur chun feidhme cinntí agus gníomhaíochtaí de chuid an Aontais a bhfuil impleachtaí acu in ábhair cosanta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar an Seachaimiréal Fabrizio BONDI mar Cheannasaí Fórsa an Aontas Eorpaigh le haghaidh oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) ón 17 Márta 2022.

Airteagal 2

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2022/41 a aisghairm.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/41 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 10 Eanáir 2022 maidir le ceapachán Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh d'oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun cuidiú le bac agus cosc a chur le gníomhartha píoráideachta agus le robáil armtha amach ó chósta na Somáile agus iad a chur faoi chois (Atalanta) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2021/1184 (ATALANTA/1/2022) (IO L 9, 14.1.2022, lch. 1).

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 17 Márta 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15 Feabhra 2022.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála
D. PRONK
An Cathaoirleach